Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12983/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0134 (NLE)**

**ACP 87**
**COAFR 242**
**COLAC 151**
**COASI 102**
**RELEX 1187**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh<br>- Glacadh |

1. An 31 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d’Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin (10622/24 + ADD 1).

2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle ar a leibhéal féin an 4 Iúil 2025.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin (11262/25 + ADD 1), mar a leagtar amach in 11262/25 + ADD 1, a ghlacadh, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur air;

– a ordú go bhfoilseofar an Cinneadh ón gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– a ordú go ndéanfar cinntí na nInstitiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, tráth a nglactha, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an chinnidh ón gComhairle.